



Oifig Náisiúnta Imdhíonta

Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid
an Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath 7, D07 X320

HSE National Immunisation
Office

Unit 8/9 Manor Street Business
Park
Manor Street
Dublin 7, D07 X320

www.immunisation.ie
@HSEImm

e immunisation@hse.ie

Dáta: Eanáir 2022

Maidir le: Clár vacsaínithe COVID-19 do leanaí idir 5 bliana agus 11 bhliain d'aois

A Phríomhoide, a chara,

Seoladh an litir seo chugat chun tú a chur ar an eolas faoi nuashonruithe le déanaí ar chlár vacsaínithe COVID-19 Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).

Tá an FSS fós ag leanúint ar aghaidh le clár vacsaínithe COVID-19 agus tá 90% dóibh siúd atá 12 bhliain d'aois nó os a chionn sin vacsaínithe go hiomlán.

Maidir le daoine atá 12 bhliain d'aois nó os a chionn nach bhfuair an chéad nó an dara dáileog de vacsaín COVID-19 go fóill; is féidir leo clárú ar <https://vaccine.hse.ie/> chun coinne a fháil i gclinic de chuid FSS. Is féidir le daoine comhairle a fháil óna ndochtúir teaghlaigh nó ón gcógaslann áitiúil maidir le vacsaín COVID-19 a fháil. Tá Clinicí Teanndáileoige oscailte do dhaoine incháilithe 16 bliana d'aois agus níos sine. Tabhair cuairt ar www.hse.ie chun níos mó eolais a fháil.

B'fhéidir gur mhian leat eolas faoin gclár vacsaínithe a chur le suíomh gréasáin do scoile, a roinnt ar na meáin shóisialta nó a sheoladh mar fholáireamh téacs.

Vacsaín COVID-19 do leanaí idir 5 bliana agus 11 bhliain d'aois

Molann an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC) do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí smaoineamh ar vacsaín a fháil dá leanaí atá idir 5 bliana agus 11 bhliain d'aois.

Moltar go dtabharfar vacsaín COVID-19 go háirithe do leanaí a bhfuil:

- riocht sláinte orthu a chuireann i mbaol tinnis níos troime iad de dheasca COVID-19
- cónaí orthu in éineacht le leanbh níos óige nó le duine fásta atá i mbaol tinnis throm má tholgann siad COVID-19, m.sh. leanbh eile a bhfuil riachtanais chasta leighis aige, nó duine fásta atá lagaithe maidir le himdhíonacht

Is éard a chuirfear ar fáil do leanaí idir 5 bliana agus 11 bhliain d'aois ná an foirmliú den vacsaín Comirnaty® atá ceaptha do leanaí. Is lú an dáileog den vacsaín a thabharfar do leanaí san aoisghrúpa sin ná do dhaoine fásta.

Is féidir le thuismitheoirí agus caomhnóirí a leanaí a chlárú don vacsaín ar líne ar <https://vaccine.hse.ie/>.

Mar chuid den chéim seo de chlár vacsaínithe COVID-19, cuirtear eolas ar fáil ag an nasc seo a leanas dóibh siúd atá ag smaoineamh ar vacsaín a fháil dá leanaí, eolas faoin tairbhe agus faoin mbaol a bhaineann leis an vacsaín san áireamh, agus conas an vacsaín a fháil: <https://bit.ly/HSEC19511>

Forbraíodh stiallchartún freisin chun cuidiú le leanaí tuiscint a fháil ar cad a tharlóidh nuair a rachaidh siad go dtí clinic FSS chun vacsaín COVID-19 a fháil <https://bit.ly/C19Cartoon511r>



Oifig Náisiúnta Imdhíonta

Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid
an Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath 7, D07 X320

HSE National Immunisation
Office

Unit 8/9 Manor Street Business
Park
Manor Street
Dublin 7, D07 X320

www.immunisation.ie
@HSEImm

e immunisation@hse.ie

Vacsáiní COVID-19 a fháil in éineacht le vacsaíní eile

I gcás leanaí idir 5 bliana agus 11 bhliain d'aois, molann NIAC go mbeadh coicís ar a laghad idir vacsaín COVID-19 a fháil agus vacsaíní eile a fháil ar nós vacsaín fliú, an vacsaíní 4 in 1 nó an vacsaín MMR.

Is féidir le leanaí idir 2 bhliain agus 17 mbliana d'aois an vacsaín fliú sróine a fháil saor in aisce ó dhochtúirí teaghlaigh agus ó chógaslanna rannpháirteacha go dtí deireadh na míosa seo. Tá eolas faoin gclár vacsaínithe in aghaidh an fliú le fáil ar shuíomh gréasáin FSS www.hse.ie/flu.

Tá liosta cógaslann ina dtugtar an vacsaín fliú le fáil freisin ar <https://bit.ly/PhFluFinder>

D'fhéadfaí go mbeadh leanaí sna Naíonáin Shóisearacha i dteideal an vacsaín 4 in 1 agus an vacsaín MMR a fháil. Rachaidh foirne scoile i gcomhar le do scoilse chun a chinntiú go leanfar den chlár vacsaínithe, de réir mar is féidir sin, agus go mbeidh na leanaí ar thoiligh a dtuismitheoirí na vacsaíní 4 in 1 agus MMR a thabhairt dóibh in ann iad a fháil.

Toiliú

Níl ach tuismitheoirí agus caomhnóirí dlíthiúla i dteideal toiliú le vacsaíní a thabhairt do mhic léinn faoi 16 bliana d'aois.

Tá físeán ina dtugtar eolas faoi thoiliú le fáil ar chainéal YouTube ár n-oifige ag <https://youtu.be/vE1X5AcwNgE>

Má theastaíonn tuilleadh eolais faoi vacsaíní COVID-19 uait féin, ó d'fhoireann nó ó tuismitheoirí ar bith, molaimid cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin FSS www.hse.ie/COVID19Vaccine.

Is é an bealach is fearr chun muid féin agus ár bpobail a chosaint vacsaín a fháil in aghaidh COVID-19. Gabhaimid buíochas leat as ucht do thacaíochta agus ár scoileanna ag tabhairt na ndúshlán atá rompu arís i mbliana.

Le meas,

Dr. Lucy Jessop
Stiúrthóir na Sláinte Poiblí
An Oifig Náisiúnta Imdhíonta MRCN 424447